



Ar smaoinigh tú riamh faoi ghairm bheatha leis an nGarda Síochána?

Tá iarratasóirí á lorg ag an nGarda Síochána a bhfuil réimse fairsing tacair saincileanna acu - teastaíonn na scileanna atá AGATSA uainn.

Spreagaimid THÚ agus daoine as gach aicme tosú ag oibriú linn chun go ndéanaimid ionadaíocht níos fearr do na pobail ar a bhfreastalaímid.

IS TUSA A DHÉANANN AN DIFRÍOCHT



Difríocht Dhearfach



Caidreamh a Fhorbairt



Tuarastal Iomaíoch



Oiliúint agus Deiseanna

Cén fáth gur cheart dom tosú ag oibriú leis an nGarda Síochána?

Post spreagúil í an póilíneacht a mbaineann éilimh ar leith léi. Is ról dúshlánach agus spreagúil é agus ról atá ann a chruthaíonn eispéiris nua agus shuimiúla i gcónaí.

Baineann i bhfad níos mó le póilíneacht nua-aimseartha ná díreach cosc na coireachta. Is iad na príomhrudaí a **dhéanann difríocht dhearfach** agus a fheabhsaíonn caighdeán na beatha do gach saoránach an eagla roimh choireacht a laghdú agus oibriú i gcomhar le pobail.

Mar chomhalta den Gharda Síochána, oibreoidh tú ag an túsline, tacóidh tú le híospartaigh agus le finnétithe, agus cuirfidh tú athdhearbhú ar fáil agus cothóidh tú muintinn. Chomh maith leis sin, beidh tú in ann **cur go réamhghníomhach le do cheantar**, agus caidreamh agus iontaoibh a fhorbairt laistigh den phobal.

Cuirfidh d'oiliúint na huirlisí go léir ar fáil duit a theastaíonn uait chun tabhairt faoi na feidhmeanna agus faoi na tascanna riachtanacha a mbíonn súil leo chun póilíneacht a dhéanamh ar shochaí atá ag éirí níos éagsúla i gcónaí. Baineann sásamh intreach leis an bpóilíneacht agus íocfar **tuarastal iomaíoch** leat freisin, chomh maith le liúntais mhealltacha.

Le céim oiliúnaí a bhaint amach, áfach, caithfidh tú aghaidh a thabhairt ar phróiseas dian roghnaithe, atá in ainm is measúnú a dhéanamh ar cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil na tréithe agat go ndéanfar comhalta rathúil den Gharda Síochána díot.

Tar éis gur cuireadh oiliúint ort, cruthaíonn gairm bheatha sa Gharda Síochána **deiseanna chun oibriú i réimse fairsing limistéar**, cosúil le Póilíneacht Phobail, Póilíníú Bóithre, Ord Poiblí, Dualgais Bhleachtaire, Coireacht Eagraithe a imscrúdú, Calaois agus Cionta Drugaí.

Tá an Garda Síochána tiomanta do sheirbhís phóilíneachta a chruthú a dhéanann **ionadaíocht iomlán do gach pobal éagsúil** in Éirinn agus tugann sé spreagadh gníomhach do gach iarrthóir incháilithe iarratas a dhéanamh.



CÉ AR FÉIDIR LEIS TOSÚ AG OIBRIÚ LEIS AN NGARDA SÍOCHÁNA?

Le bheith incháilithe go roghnófar thú mar Gharda faoi Oiliúint, caithfidh iarratasóir na critéir seo a leanas a shásamh:

Ba cheart go mbeadh dea-charactar ag iarratasóir.

Ba cheart go ndeimhneodh Lia-Chleachtóir Cláraithe (a ainmníonn an Coimisinéir) go bhfuil sláinte mhaith agus coimpléasc folláin ag iarratasóir agus go n-oireann sé go fisiciúil agus ó thaobh meabhrach do chomhlíonadh dualgais chomhalta den tseirbhís.

Caithfidh iarratasóir pas a fháil i dTástáil Inniúlachta Fisiciúla agus sna tástálacha eile siúd a chinnfidh an Coimisinéir.

Caithfidh iarratasóir a bheith idir aois 18 agus 34 bliain. (A bheith idir 18 mbliana agus 35 bliain d'aois ach gan a bheith 35 bliain d'aois go fóill ag meán oíche an 16 Márta 2022).

Caithfidh iarratasóir a bheith ina náisiúnach de Bhallstát an AE, Stát an LEE, Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann nó de Chónaidhm na hEilvéise nó a bheith ina D(h)ídeanaí, nó ina d(h)uine muinteartha de dhídeanaí, a bhfuil dearbhú dídeanaí i bhfeidhm dó/di agus a leanann de bheith i bhfeidhm d'fhad iomlán phróiseas roghnaithe agus iontrálacha Earcaithe an Gharda Síochána, nó ina d(h)uine ar deonaíodh cosaint choimhdeach dó/di, nó ina d(h)uine muinteartha leis an duine sin, a bhfuil dearbhú um chosaint choimhdeach i bhfeidhm dó/di agus a leanann de bheith i bhfeidhm d'fhad iomlán phróiseas roghnaithe agus iontrálacha Earcaithe an Gharda Síochána, nó caithfidh gur chaith an t-iarratasóir tréimhse leanúnach chónaithe bliana sa Stát agus, a raibh cónaí iomlán dlíthiúil sa Stát ar an iarratasóir i rith na 8 mbliana díreach roimh an tréimhse sin, arb ionann agus fad 4 bliana é.

Caithfidh gur bhain an t-iarratasóir pas amach i scrúdú Ardeistiméireachta na hÉireann agus grád D3 nó O6, ar a laghad, bainte amach i gcúig ábhair ar Ghnáthleibhéal, nó caithfidh gur bhain an t-iarratasóir amach Mórdhámhachtain Leibhéal (120 creidmheas) ar an gCreat Náisiúnta Cailíochtaí (an CNC), nó cáilíocht aitheanta (ar Leibhéal 5 nó níos airde), a mheastar atá comhionann leis na cáilíochtaí thuasluaite faoi mar a dheimhníonn Dearbhú Cailíochta agus Cailíochtaí Éireann (DCCÉ).

Caithfidh an t-iarratasóir a bheith inniúil i nGaeilge agus/nó i mBéarla.

Caithfidh gur chríochnaigh an t-iarratasóir an fhostaíocht go léir roimhe seo sula n-iontrálfadh sé/sí Coláiste an Gharda Síochána agus ní féidir leis/léi a bheith ar sos gairme ón bhfostaíocht sin ar iontráil dó/di.

IS TUSA A DHÉANANN AN DIFRÍOCHT

